

Árais Máithreacha agus Naíonán

Aonad 3

Gníomhaíocht 3

Taithí oibre: Sleachta as cuimhní cinn Julia Carter

D'éirigh muid thart ar 6r.n.

Bhí an tAifreann ar siúl ar 8r.n. Bhí bricfeasta ann tar éis Aifrinn.

Leite, bainne, tae agus arán — tráidirí aráin, a bhí sa bhricfeasta. Ansin chuamar chun na babaithe a chothú.

... dhéanaidís an leite an oíche roimhe agus bheadh spás do thrí phota sa bhosca féir agus chuirfí an claibín air go teann, bheadh sé ag cócaráil ansin. ... Bheadh an stór aráin agus an stór bainne faoi ghlas, glais fraincín i ngach áit.

Bhí sorn ann go speisialta chun uisce te a théamh do na folcadáin, théifeadh sé na sconnaí cistine agus bhaineadh muid do na folcadáin é.

Chuir an Comhairle Contae meaisíní níocháin mhóra isteach...agus fáisceán agus rud mór le haghaidh uisce te sna blianta ina dhiaidh sin. Sna blianta roimhe sin ní raibh ann ach cláir níocháin agus doirtil.

Cuireadh snas ar na hurláir suanleasa le céir bheach. B'éigean áit súgartha na bpáistí a sciúradh gach lá.

Chuir muid dath buí ar na suanliosanna, ní aoldath. Chuireadh muid ócar buí leis na tobáin líomaghlasa, agus phéinteáladh muid na suanliosanna móra. Nuair a tháinig Martha [an dara Máthair-Uachtarán] theastaigh uaithi an áit ar fad a athrú go haoldath agus bhí orainn dul in airde ar dhréimí móra agus na ballaí buí go léir a phéinteáil bán.

Bhí mise amuigh ar an talamh. Ní raibh sé chomh leadránach is a bhí sé taobh istigh. Bhí sicíní agus muca againn, agus ghlan mé amach na seideanna agus spréigh mé an t-aoileach ar an talamh. Ghlan mé amach na tithe gloine agus chuir mé cré úr isteach. Bhí asal beag agus cairt againn ag tabhairt carn aoiligh amach a fhad leis na gairdíní éagsúla.

Gach tráthnóna Dé Sathairn scuabadh muid na cosáin go dtí go raibh siad bán chun iad a bheith glan don Domhnach.

Is minic a théinn amach sa ghairdín ag gortghlanadh seachas dul isteach go dtí an Paidrín. Sílim gurb é an gairdín a choinnigh i mo cheartmheabhair mé. Ó, thaitin an gairdín go mór liom, bhí sé mar a bheadh támhachán ann, an t-aon rud a raibh grá agam dó.

Bheadh [Siúr Patrick, bean rialta scothaosta, a bhíodh ag siúl sa ghairdín le Julia] i gcónaí ag insint a scéalta grá dom, bhí sí nádúrtha, ba í an t-aon bhean rialta í a labhair liom faoin saol riamh, mar a bheinn ar comhchéim léi.

Ní raibh na mná rialta cairdiúil liom féin ná leis na daoine eile san áras, bhí siad coimhthíoch linn. Ba leis na mná rialta sinn: ní raibh aithne againn ar aon duine, iad siúd amháin.

Déarfadh na mná rialta linn gan a bheith ag caint le daoine áitiúla ar eagla go mbeidís ag cur ceisteanna faoin áras.

Cuireadh aon duine achrannach amach go Béal Átha na Sluaighe [Dídean] nó an Neachtlan Mhaigdiléanach.

Thóg na mná rialta teach cois farraige in Acaill ar cíos gach samhradh ar feadh míosa nó sé seachtaine. Dhéanadh muid sealaíocht le seachtain a chaitheamh ina gcuideachta. ... Rud deas a tharlódh go bliantúil.

D'fhaigheadh muid cóta in Mahers [siopa i dTuaim] agus éadaí eile, d'iarradh muid ar na mná rialta nuair a bhí gá againn leo, agus d'fhéadfadh muid ár gcineál bróga féin a roghnú, ní raibh muid brandáilte leis na héadaí céanna. Théadh Siúr Hortense [an chéad Mháthair-Uachtarán] go Baile Átha Cliath nuair a bhí na sladmhargaí ar siúl, Arnotts agus Clerys, agus d'iarradh sí rudaí a chuirte síos ar an traein. Fuaireamar blaincíd ó Bhéal Easa i gContae Mhaigh Eo.

Ní ligfí amach le damhsa choíche muid. D'fhéadfadh Uasal Walsh [bainisteoir na pictiúrlainne] cuireadh a thabhairt dúinn chuig scannán agus ligfí amach sinn le hamharc air sin.

D'fhéadfaí go mbeadh cead amach agat chuig an Nóibhéine san Ardeaglais, ach bhídís ag breathnú ort chun teacht ar ais. Domhan dá chuid féin a bhí ann. Fágadh sa riocht muid gur chreideamar nach raibh saol eile ann seachas an saol seo.

Bhíomar gearrtha amach go hiomlán ón saol mór amuigh. Bhraith mé i gcónaí go raibh an saol mór anuas orainn, nach raibh meas madra acu orainn.

Bhraitheá nach bhféadfá dul i ngleic leis an saol mór.

Bhí diansmacht ag [Máthair Martha, an dara Máthair-Uachtarán] orainn go léir. Bhí fuath aici dúinn, na mná a d'fhás aníos san áras faoi Shiúr Hortense [an chéad Mháthair-Uachtarán].

Ní fhéadfá argóint a dhéanamh le Máthair Martha, thabharfadh sí greasáil duit!

Bhí mé os cionn 40 bliain d'aois nuair a tháinig Siúr Martha. Bhíomar cráite aici. Bhuaileadh sé dorn orm, dhúnadh sí a dorn agus bhuaileadh sí ar m'ucht é. Ní fhéadfá í a bhualadh ar ais nó chuirfí díreach isteach i nDídean Bhéal Átha na Sluaighe thú. Níor bhuail sí dorn ar dhuine ar bith seachas mise agus níor ghabh sí a leithscéal riamh.

Níor rith sé linn riamh go raibh na mná rialta ag caitheadh go héagórach linn nó go raibh muid i dteideal ár saol féin a bheith againn. Tháinig mná rialta nua chuig an áras tréimhse ina dhiaidh sin agus chuir siad ceisteanna faoin fáth a raibh mná fásta san áras fós.

Bhí mé cúthail ó shin i leith. D'fhágfadh an áit sin an lorg sin ort. Dá mbuailfinn le beirt ar an gcosán, shamhlóinn go mbeidís ag rá 'gur tógadh an bhean sin san áras, gur tógadh ar na rátaí [cánacha] í'.

Bhain teaghlaigh lasmuigh úsáid as an áras mar bhagairt ar a bpáistí, mura a raibh siad á n-iompar go maith, go seolfaí ansin iad.

Is dóigh liom go ndéanann daoine beag is fiú díom go fóill. Níor mhaith liom go mbeadh fios ag muintir Bhóthar Gilmartin [áit a raibh Julia ina cónaí tar éis di pósadh] gur tógadh san áras mé.